

II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN (AE) 2021/2280 ÓN gCOIMISIÚN

an 16 Nollaig 2021

lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 338/97 ón gComhairle maidir le speicis fauna agus flora fiáine a chosaint trí thrádáil iontu a rialáil agus Rialachán (CE) Uimh. 865/2006 ón gCoimisiún lena leagtar síos rialacha mionsonraithe a bhaineann le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 338/97 ón gComhairle

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 338/97 ón gComhairle an 9 Nollaig 1996 maidir le speicis fauna agus flora fiáine a chosaint trí thrádáil iontu a rialáil ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 19(3), (4) agus (5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (CE) Uimh. 338/97, rialaítear trádáil maidir leis na speicis ainmhithe agus plandaí a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán sin. I measc na speiceas a liostaítear san Iarscríbhinn sin, tá na speicis a liostaítear sna hAguisíní a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le Trádáil Idirnáisiúnta i Speicis Fauna agus Flora Fiáine i mBaol ('an Coinbhinsiún') chomh maith le speicis eile a bhfuil stádas caomhantais acu lena gceanglaítear go ndéantar trádáil ón Aontas, isteach san Aontas agus laistigh den Aontas a rialáil nó faireachán a dhéanamh air.
- (2) Is gá faireachán a dhéanamh ar na leibhéil trádála maidir le speicis áirithe chun sonraí a bhailiú agus chun a mheas cé acu a bheidh nó nach mbeidh gá le cosaint níos déine amach anseo. Chuige sin, le linn a chruinnithe rialta in 2019 agus 2020, tá athbhreithniú déanta ag an nGrúpa Athbhreithnithe Eolaíochta, arna bhunú de bhun Airteagal 17 de Rialachán (CE) Uimh. 338/97, ar speicis éagsúla agus tháinig sé ar an gconclúid gur cheart na tacsóin seo a leanas a áireamh in Iarscríbhinn D a ghabhann leis an Rialachán sin: *Otocryptis wiegmanni*, *Platysaurus imperator*, *Trachelopterychus petersi*, *Zonosaurus maximus*, *Pseudocerastes* spp. (ach amháin na speicis a liostaítear in Iarscríbhinn B), agus *Atelopus* spp. (ach amháin na speicis a liostaítear in Iarscríbhinn A). Tháinig an Grúpa Athbhreithnithe Eolaíochta ar an gconclúid freisin gur cheart na speicis seo a leanas a áireamh in Iarscríbhinn D, le nóta mínithe a dhéanann cineálacha na n-eisearm a chumhdaítear sa liostú a theormharcáil: *Handroanthus* spp., *Tabebuia* spp., *Roseodendron* spp., *Aucoumea klaineana*, *Rhodiola* spp., *Boswellia* spp., *Millettia stuhlmannii*, *Pterocarpus macrocarpus*, *Entandrophragma cylindricum*, *Khaya* spp., *Okoubaka aubrevillei* agus *Baillonella toxisperma*.
- (3) Ba cheart nótaí mínithe nua a chur isteach i *Nótaí ar léirmhíniú Iarscríbhinní A, B, C agus D*. Is gá nóta mínithe amháin a chur isteach i mír 12 i ndáil le liostú nua in Iarscríbhinn C, chun an liostú in Aguisín III ag an Stát raoin a léiriú. Is gá freisin dhá nóta mínithe a chur isteach i mír 17 i ndáil le speicis chrann atá le háireamh in Iarscríbhinn D, chun a áirithiú go gcumhdaítear na heiseamail atá mar chuid den trádáil idirnáisiúnta sa liostú.
- (4) I bhfianaise na n-athruithe tacsanomaíocha a rinneadh le déanaí arna n-aontú ag an 18^ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe sa Choinbhinsiún, a bhí ar siúl i nGinéiv na hEilvéise, ón 17 go dtí an 28 Lúnasa 2019 (CoP 18), is iomchuí an géineas iomlán *Homalopsis* spp. a chur in ionad liostú *Homalopsis bucata* atá in Iarscríbhinn D faoi láthair. Is gá *Prionailurus iriomotensis* in Iarscríbhinn A a athrú go *Prionailurus bengalensis euptilurus*, agus liostú *Agalychnis* spp. in Iarscríbhinn B a athrú go liostú *Agalychnis annae*, *A. callidryas*, *A. moreletii*, *A. saltator* agus *A. spurrelli*. Is gá freisin liostú na fine Pristidae a athrú chun go dtiocfaidh sé faoi ord Rhinopristiformes. Is gá litriú *Pelophylax shqipericus* in Iarscríbhinn D a cheartú agus is gá *Lophura hatinhensis* a scriosadh ó Iarscríbhinn B toisc go láimhseáiltear faoi *L. edwardsi* anois é.

⁽¹⁾ IO L 61, 3.3.1997, lch. 1.

- (5) An fonóta san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán a bhaineann le *Ovis collium*, *O. darwini*, *O. jubata*, *O. karelini*, *O. polii*, agus *O. Severtzovi* ina luaitear 'Is mar *Ovis ammon* a thagraítear don tacsón sin in Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 865/2006 ón gCoimisiún', ba cheart é a bhaint chun é a chur i gcomhréir le hIarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 865/2006 ón gCoimisiún⁽²⁾ arna leasú le hAirteagal 2(14) den Rialachán seo. Is toradh iad na leasuithe sin ar athruithe ar thacsanomaíocht an ghrúpa speiceas sin.
- (6) Ba cheart an téacs i nótaí mínithe áirithe san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 338/97 a leasú chun an tsoiléireacht a fheabhsú (*Canis lupus*, *Caracara lutosa*, *Ceratophora aspera*, *C. stoddartii*, *Lyriocephalus scutatus*, *Crotalus durissus*, agus *Rheobatrachus* spp.).
- (7) Ba cheart *Goniurosaurus* spp. a bhogadh ó fhine Eublepharidae chuig fine Gekkonidae chun é a chur i gcomhréir leis an ainmníocht chaighdeánach atá ann faoi láthair.
- (8) Cuireadh na speicis seo a leanas san áireamh in Aguisín III a ghabhann leis an gCoinbhinsiún ón 14 Feabhra 2021: *Goniurosaurus kuroiwae*, *Goniurosaurus orientalis*, *Goniurosaurus sengokui*, *Goniurosaurus splendens*, *Goniurosaurus toyamai*, *Goniurosaurus yamashinae* agus *Echinotriton andersoni* (agus nótaí mínithe le gach ceann acu) arna iarraidh sin ag an tSeapáin, agus *Calotes ceylonensis*, *Calotes desilvai*, *Calotes liocephalus*, *Calotes liolepis*, *Calotes manamendrai*, *Calotes nigrilabris*, *Calotes pethiyagodai* arna iarraidh sin ag Srí Lanca. Cuireadh na speicis seo a leanas san áireamh in Aguisín III a ghabhann leis an gCoinbhinsiún ón 22 Meitheamh 2021: *Lodoicea maldivica* (le nóta mínithe) arna iarraidh sin ag na Séiséal, agus *Alauda arvensis*, *Galerida cristata*, *Lullula arborea*, *Melanocorypha calandra*, *Emberiza citronella*, *Emberiza hortulana*, *Carduelis cannabina*, *Carduelis carduelis*, *Carduelis flammea*, *Carduelis hornemanni*, *Carduelis spinus*, *Carpodacus erythrinus*, *Loxia curvirostra*, *Pyrrhula pyrrhula*, *Serinus serinus*, *Erithacus rubecula*, *Ficedula parva*, *Hippolais icterina*, *Luscinia svecica*, *Luscinia luscinia*, *Luscinia megarhynchos*, *Monticola saxatilis*, *Sylvia atricapilla*, *Sylvia borin*, *Sylvia curruca*, *Sylvia nisoris*, *Turdus merula*, *Turdus philomelos*, *Oriolus oriolus*, *Parus ater*, *Troglodytes troglodytes* agus *Emys orbicularis* (infheidhme maidir le líon na hÚcráine amháin) arna iarraidh sin ag an Úcráin. Ba cheart na leasuithe sin ar Aguisín III a léiriú in Iarscríbhinn C a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 338/97.
- (9) Le linn a chruinnithe rialta in 2020 agus trí chomhairliúcháin éagsúla i scríbhinn, tháinig an Grúpa Athbhreithnithe Eolaíochta ar an gconclúid nach bhfuil gá na speicis seo a leanas in Iarscríbhinn D a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 338/97 a liostú a thuilleadh, agus ba cheart na speicis sin a scriosadh ón Iarscríbhinn sin: *Dendrolagus dorianus*, *Dendrolagus goodfellowi*, *Dendrolagus matschiei*, *Dendrolagus pulcherrimus*, *Dendrolagus stellarum*, *Columba oenops*, *Didunculus strigirostris*, *Ducula pickeringii*, *Gallicolumba crinigera*, *Ptilinopus marchei*, *Turacoena modesta*, *Crax alector*, *Pauxi unicornis*, *Penelope pileata*, *Eulipoa wallacei*, *Arborophila gingica*, *Lophura bulweri*, *Lophura diardi*, *Lophura inornata*, *Bombycilla japonica*, *Cyanocorax caeruleus*, *Cyanocorax dickeyi*, *Procnias nudicollis*, *Dacnis nigripes*, *Sporophila falcirostris*, *Sporophila frontalis*, *Sporophila hypochroma*, *Sporophila palustris*, *Amandava amandava*, *Cryptospiza reichenovii*, *Erythrura coloria*, *Erythrura viridifacies*, *Estrilda quartinia* (a dhéantar a thrádáil go minic mar *Estrilda melanotis*), *Hypargos niveoguttatus*, *Lonchura griseicapilla*, *Lonchura punctulata*, *Lonchura stygia*, *Carduelis ambigua*, *Carduelis atrata*, *Kozlowia roborowskii*, *Pyrrhula erythraea*, *Serinus canicollis*, *Serinus citrinelloides hypostictus* (a dhéantar a thrádáil go minic mar *Serinus citrinelloides*), *Sturnella militaris*, *Cochoa azurea*, *Cochoa purpurea*, *Garrulax formosus*, *Garrulax galbanus*, *Garrulax milnei*, *Niltava davidi*, *Stachyris whiteheadi*, *Swynnertonia swynnertoni* (dá dtagraítear freisin mar *Pogonichla swynnertoni*), *Turdus dissimilis*, *Pitta nipalensis*, *Pitta steerii*, *Sitta magna*, *Sitta yunnanensis*, *Lamprotornis regius*, *Mino dumontii*, *Sturnus erythropygius*, *Teratoscincus microlepis*, *Rhabdophis subminiatus*, *Calloselasma rhodostoma*, *Baronia brevicornis*, *Papilio grose-smithi*, *Papilio maraho*, *Calibanus hookeri*, *Biarum davisii* ssp. *marmarisense*, *Biarum ditschianum*, *Othonna cacalioides*, *Othonna hallii*, *Othonna lepidocaulis*, *Ceraria carrissoana*, agus *Ceraria fruticulosa*.
- (10) Ar bhonn athbhreithniú ag an nGrúpa Athbhreithnithe Eolaíochta, ba cheart trí fhospeiceas a chur le liostú *Teratoscincus scincus* in Iarscríbhinn D a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 338/97.
- (11) Is gá earráidí formáidithe áirithe a cheartú san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 338/97.
- (12) I bhfianaise líon na leasuithe, is iomchuí an Iarscríbhinn iomlán a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 338/97 a ionadú ar mhaithe le soiléireacht.
- (13) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 338/97 a leasú dá réir sin.
- (14) Rialachán (CE) Uimh. 338/97 a chur chun feidhme agus a áirithiú go gcomhlíonfar forálacha an Choinbhinsiúin go hiomlán is ea is cuspóir de Rialachán (CE) Uimh. 865/2006.

⁽²⁾ Rialachán (CE) Uimh. 865/2006 ón gCoimisiún an 4 Bealtaine 2006 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe a bhaineann le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 338/97 ón gComhairle maidir le speicis fauna agus flora fiáine a chosaint trí thrádáil iontu a rialáil (IO L 166, 19.6.2006, lch. 1).

- (15) Le CoP 18, glacadh nó leasaíodh Rúin a bhaineann, *inter alia*, leis na critéir chun an cuspóir atá leis an idirbheart a chinneadh agus le liosta na dtagairtí caighdeánacha a úsáidtear chun ainmneacha na speicis a liostaítear sna hAguisíní a ghabhann leis an gCoinbhinsiún a chinneadh, chomh maith le cód nua a thabhairt isteach a úsáidfear i gceadanna agus deimhnithe. Dá bhrí sin, chun na comhaontuithe CoP 18 sin a ionchorprú i ndlí an Aontais, is gá forálacha áirithe a leasú agus forálacha breise a chur le Rialachán (CE) Uimh. 865/2006 ón gCoimisiún.
- (16) Le CoP 18, leasaíodh Rún Comhdhála 12.3, maidir le *Ceadanna agus deimhnithe*, a mhéid a bhaineann le cuspóirí éagsúla idirbhirt agus leis na cóid atá le húsáid i ndoiciméid Choinbhinsiúin chun na cuspóirí sin a ainmniú. Ba cheart na leasuithe sin a dhéanamh i Rialachán (CE) Uimh. 865/2006.
- (17) Le CoP 18, leasaíodh Rún Comhdhála 12.3 tuilleadh trí chód nua a chur isteach atá le húsáid chun foinse roinnt eiseamail phlandaí nach bhfuil i gcomhréir le haon cheann de na cóid atá ann cheana a léiriú. Ba cheart an cód foinseach nua sin a áireamh in Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 865/2006.
- (18) Leasaíodh Rún Comhdhála 12.3 tuilleadh a mhéid a bhaineann le bailíocht na ndoiciméad Choinbhinsiúin le haghaidh eiseamail speicis a aistríodh chuig Aguisín I den Choinbhinsiún. Ba cheart an leasú sin a léiriú i Rialachán (CE) Uimh. 865/2006.
- (19) Leasaíodh Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rún Comhdhála 12.3 freisin, maidir le *Cineálacha samplaí bitheolaíocha agus an úsáid a bhaintear astu*, agus ba cheart na leasuithe sin a léiriú in Iarscríbhinn XI a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 865/2006.
- (20) Le CoP 18, leasaíodh Rún Comhdhála 11.3 freisin, maidir le *Comhlíonadh agus forfheidhmiú, inter alia* a mhéid a bhaineann leis na coinníollacha faoina nglacfar ceadanna onnmhairiúcháin agus deimhnithe ath-onnmhairiúcháin arna n-eisiúint ag tríú tíortha. Ba cheart na leasuithe sin a léiriú i Rialachán (CE) Uimh. 865/2006.
- (21) Le CoP 18, leasaíodh Rún Comhdhála 12.11, maidir le *Ainmníocht chaighdeánach*, agus ba cheart na tagairtí caighdeánacha nua i dtaca le hainmníocht a léiriú in Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 865/2006.
- (22) Le linn a 17^a cruinniú a bhí ar siúl in Johannesburg na hAfraice Theas ón 24 Meán Fómhair go dtí an 4 Deireadh Fómhair 2016 (CoP 17), leasaigh Comhdháil na bPáirtithe sa Choinbhinsiún Rún ó Chomhdháil 11.17, maidir le *Tuarascálacha náisiúnta*, trí thuarascálacha ar chur chun feidhme atá le cur isteach gach 3 bliana a chur in ionad na dtuarascálacha débhlantúla a bhí ann cheana. Ba cheart an leasú sin a léiriú i Rialachán (CE) Uimh. 865/2006.
- (23) Le CoP 17, leasaíodh Rún Comhdhála 10.10 freisin, maidir le *Trádáil in eiseamail eilifinte*, lena moladh 'gach Páirtí [...] ar cuid dá dhlínse é margadh baile dlíthiúil le haghaidh eabhair atá ag cur leis an bpóitseáil nó leis an trádáil neamhdhleathach, go ndéanfaidh sé na bearta reachtacha, rialála agus forfheidhmithe uile is gá chun a margat baile le haghaidh trádáil tráchtála san eabhar, idir amh agus oibrithe, a dhúnadh mar ábhar práinne'.
- (24) Léirítear san fhaisnéis atá ar fáil faoi láthair go bhfuil líon suntasach sean-ítimí eabhair san Aontas a allmhairíodh isteach san Aontas den chuid is mó sula n-áiríodh speicis eilifintí in Aguisín I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún.
- (25) Chun an comhrac in aghaidh trádáil neamhdhleathach san eabhar a neartú, is gá na rialacha agus na hiarrachtaí forfheidhmithe a dhainiú i gcomhréir leis na rioscaí a bhaineann le póitseáil eilifintí agus an trádáil neamhdhleathach san eabhar agus prionsabal na comhréireachta á chur san áireamh.
- (26) An díolúine ghinearálta arna deonú i gcomhréir le hAirteagal 8, mír 4 de Rialachán (CE) Uimh. 338/97, lena gceadaítear eiseamail eabhair oibrithe a fuarthas breis agus 50 bliain roimhe seo mar a shainítear in Airteagal 2(w) de Rialachán (CE) Uimh. 338/97 a thrádáil gan deimhniú arna eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 8, mír 3 den Rialachán céanna, ba cheart í a bhaint maidir le heiseamail oibrithe ina bhfuil eabhar eilifinte. Dá réir sin, ní cheadófar a thuilleadh eabhair oibrithe a mhargú gan deimhniú arna eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 8, mír 3 den Rialachán céanna.

- (27) Ag an am céanna, na deimhnithe dá dtagraítear in Airteagal 8, mír 3 de Rialachán (CE) Uimh. 338/97 maidir le heiseamail eabhair eilifinte, ba cheart a chur san áireamh go ndearnadh iad a eisiúint le beagnach 40 bliain anuas (ó theacht i bhfeidhm Rialachán (CEE) Uimh. 3626/82) agus nach gceanglaítear ar údaráis inniúla iad a athnuachan go tráthrialta faoi dhlí an Aontais. Dá réir sin, ní féidir forbhreathnú iomlán a fháil ar na deimhnithe arna n-eisiúint agus, i gcásanna áirithe, de bharr na n-athruithe atá tagtha ar chleachtais riaracháin le himeacht ama, d'fhéadfadh amhras a bheith ann faoi chomhréireacht an ábhair dheimhnithe leis an deimhniú arna eisiúint. Is léir, dá bhrí sin, gur gá dáta éaga a shocrú maidir leis na deimhnithe sin ar fad chun rannchuidiú ar bhealach níos fearr leis an gcomhrac leanúnach in aghaidh na trádála neamhdhleathaí agus chun go mbeidh údaráis inniúla na mBallstát in ann rialú na trádála in eabhair eilifinte a neartú laistigh den Aontas. Á cur san áireamh go mbeidh ar oibreoirí agus údaráis oiriúnú do na hathruithe sin, ba cheart an dáta éaga a shocrú tar éis idirthréimhse 12 mhí i ndiaidh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.
- (28) Ar feadh tamaill tar éis theacht in éifeacht dhíchur na ndíolúintí sin, de bharr na leasuithe táthar ag súil go dtiocfaidh méadú ar líon na n-iarratas ar dheimhnithe arna gceangal le déanaí le haghaidh gníomhaíochtaí tráchtála maidir le heiseamail eabhair eilifinte. Dá bhrí sin, an tréimhse ina bhfuil údaráis bhainistíochta na mBallstát leis na hiarratais ar na deimhnithe sin a phróiseáil, ba cheart síneadh a chur léi le linn na chéad bhliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.
- (29) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CE) Uimh. 865/2006 a leasú dá réir sin.
- (30) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an Choiste um Thrádáil in Fauna agus in Flora Fiáine,

TAR ÉIS AN RIALACHÁIN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasú ar Rialachán (CE) Uimh. 338/97

Cuirtear an téacs atá in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 338/97.

Airteagal 2

Leasuithe ar Rialachán (CE) Uimh. 865/2006

Leasaítear Rialachán (CE) 865/2006 mar a leanas:

- (1) Sa chéad mhír d'Airteagal 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (5):

'(5) i gcás inar gá, ní mór cuspóir an idirbhirt a chinneadh trí na critéir a leagtar amach in Airteagal 5c a chur i bhfeidhm agus ní mór é a léiriú ar an gcead nó deimhniú ábhartha, trí cheann de na cóid i bpointe 1 d'Iarscríbhinn IX a ghabhann leis an Rialachán seo a úsáid.'

- (2) Cuirtear an tAirteagal 5c seo a leanas isteach:

'Airteagal 5c

Cuspóir an idirbhirt

1. Léireofar cuspóir an idirbhirt trí cheann de na cóid i bpointe 1 d'Iarscríbhinn IX a ghabhann leis an Rialachán seo a úsáid.
2. I gcás cead onnmhairiúcháin, is le réimse an idirbhirt idir an t-onnmhaireoir agus an t-allmhaireoir a chinnfear an cód maidir le cuspóir an idirbhirt. I gcás deimhniú athonnmhairiúcháin, is le réimse an idirbhirt idir an t-ath-onnmhaireoir agus an t-allmhaireoir a chinnfear an cód maidir le cuspóir an idirbhirt.

Leis an gcód, léireofar an chúis atá le malartú nó aistriú an eiseamail/na n-eiseamal ón onnmhaireoir chuig an allmhaireoir nó ón ath-onnmhaireoir chuig an allmhaireoir.

3. I gcás cead allmhairiúcháin nó deimhniú maidir le tabhairt isteach ón bhfarraige, is le húsáid beartaithe an allmhaireora i leith na n-eiseamal a chinnfear an cód maidir le cuspóir an idirbhirt. Leis an gcód, léireofar an chúis atá le hiarratas an allmhaireora ar an eiseamal nó an chúis a bhfuil an t-eiseamal á fháil aige.

4. Nuair a eisítear cead onnmhairiúcháin agus cead allmhairiúcháin nó deimhniú ath-onnmhairiúcháin agus cead allmhairiúcháin, féadfaidh an cód maidir le cuspóir an idirbhirt a úsáidtear ar an gcead allmhairiúcháin a bheith éagsúil ón gcód a úsáidtear ar an gcead onnmhairiúcháin nó ar an deimhniú ath-onnmhairiúcháin, faoi seach.'

(3) In Airteagal 7, cuirtear an mhír 7 seo a leanas leis:

'7. Ní ghlacfar le ceadanna onnmhairiúcháin agus deimhnithe ath-onnmhairiúcháin arna n-eisiúint ag tríú tíortha ach amháin má eisítear iad ag an Údarás Bainistíochta arna shonrú mar údarás inniúil ag an bPáirtí onnmhairiúcháin nó ath-onnmhairiúcháin.'

(4) In Airteagal 10, cuirtear an mhír 2b seo a leanas leis:

'2b. I gcás go n-aistrítear speiceas chuig Aguisín I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún ag cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe sa Choinbhinsiún, agus mura bhfuil forchoimeádas déanta ag an Aontas ar an aistriú sin, ní rachaidh bailíocht an cheada allmhairiúcháin nó onnmhairiúcháin nó an deimhnithe ath-onnmhairiúcháin maidir le heiseamail den speiceas sin thar dháta theacht i bhfeidhm an aistrithe chuig Aguisín I.'

(5) In Airteagal 11, cuirtear an mhír 4a seo a leanas leis:

'4a. Deimhnithe dá dtagraítear in Airteagal 48 maidir le heiseamail eabhair eilifinte agus a eisíodh roimh an 19 Eanáir 2022, scoirfidh siad de bheith bailí an 19 Eanáir 2023.'

(6) Cuirtear an pointe (e) seo a leanas le hAirteagal 48(1):

'(e) eiseamail eabhair oibrithe ina bhfuil eabhar eilifinte atá iontu a fuarthas breis agus 50 bliain roimhe seo mar a shainítear in Airteagal 2(w) de Rialachán (CE) Uimh. 338/97.'

(7) In Airteagal 52, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Ní úsáidfear na lipéid dá dtagraítear in Airteagal 2(6) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 792/2012 ach amháin i gcás aistrithe idir eolaithe atá cláraithe go cuí agus institiúidí eolaíochta maidir le hiasachtaí neamhthráchtála, sintiús nó malartuithe d'eiseamail luslainne, eiseamail dhiagnóiseacha agus eiseamail um thaighde fóiréinseach (mar a thuairiscítear in Iarscríbhinn XI a ghabhann leis an Rialachán seo), eiseamail mhúsaeim atá leasaithe, triomaithe nó leabaithe agus ábhar beo planda le haghaidh staidéar eolaíoch.'

(8) In Airteagal 62, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (3):

'(3) eiseamail oibrithe a fuarthas breis agus 50 bliain roimhe seo mar a shainítear in Airteagal 2(w) de Rialachán (CE) Uimh. 338/97, ach amháin eiseamail ina bhfuil eabhar eilifinte.'

(9) Leasaítear Airteagal 69 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

'Tuarascálacha maidir le hallmhairithe, onnmhairithe agus ath-onnmhairithe agus maidir le cur chun feidhme.'

(b) i mír 1, scriostar an abairt dheireanach;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

'6. An fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad abairt de mhír 5, cuirfear isteach í i bhfoirm ríomhairithe agus i gcomhréir le 'Formáid na Tuarascála Cur Chun Feidhme' arna eisiúint ag Rúnaíocht an Choinbhinsiúin agus arna leasú ag an gCoimisiún, aon bhliain amháin roimh gach cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe sa Choinbhinsiún, agus beidh sí de réir na tréimhse 3 bliana dar críoch an 31 Nollaig den bhliain roimhe sin.'

An fhaisnéis dá dtagraítear sa dara fómhír de mhír 5, i gcás nár cuireadh san áireamh í sa teachtaireacht de bhun Airteagal 15(4)(a) de Rialachán (CE) Uimh. 338/97 ná san fhógra de bhun Airteagal 66(7), cuirfear isteach í i bhfoirm ríomhairithe in éineacht leis an teachtaireacht de bhun Airteagal 15(4)(c).'

(10) Leasaítear Iarscríbhinn VII mar a leanas:

(a) sa ró le haghaidh 'Cosmaidí', cuirtear an méid seo a leanas in ionad an téacs sa cholún 'míniú':

'Aon táirge nó meascán táirgí nach gcuirtear ach ar bhaill sheachtracha na colainne amháin (e.g. craiceann, gruaig, ingne, baill ghiniúna, beola nó fiacla nó seicin mhúcasach chuas an bhéil) chun an ball sin a ghlanadh, a chumhraigh, a chosaint nó cuma an bhaill sin a athrú. Féadfadh an méid seo a leanas a bheith san áireamh faoi chosmaidí: smídeadh, cumhrán, uachtar craicinn, vearnais ingne, datháin ghruaige, gallúnach, seampú, uachtar bearrtha, díbholaíoch, uachtair ghréine, taos fiacla. Ba cheart don chainníocht líon na speiceas atá ann a liostaítear faoi CITES a léiriú.'

(b) sa ró le haghaidh ‘Gilidín’, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an téacs sa cholún ‘míniú’:

‘Éisc bheo óga le haghaidh na trádála uisceadáin, dobharshaothraithe, gorlanna, tomhaltas nó le scaoileadh saor, lena n-áirítear eascanna Eorpacha beo (*Anguilla anguilla*) suas le 12 cm ar fad’.

(11) Cuirtear an téacs atá in Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn VIII.

(12) Cuirtear an pointe Y seo a leanas le hIarscríbhinn IX:

‘Y Speicis plandaí a fuarthas trí tháirgeadh cúnta, a mheastar nach plandaí iad “a iomadaíodh go saorga” mar a leagtar amach in Airteagal 56, agus a mheastar freisin nach plandaí iad a gabhadh ón bhfiántas ós rud é go ndéantar iad a iomadú nó a chur i dtimpeallacht ina bhfuil leibhéal éigin d’idirghabháil ón duine chun críoch an táirgthe planda.’

(13) Cuirtear an téacs atá in Iarscríbhinn 3 a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn XI.

(14) In Iarscríbhinn XIII, cuirtear na speicis seo a leanas isteach i ndiaidh *Ovis ammon*: *O. collium*, *O. darwini*, *O. jubata*, *O. karelini*, *O. polii*, *O. severtzovi*.

Airteagal 3

Foráil idirthréimhseach maidir leis an teorainn ama a bhaineann le heisiúint deimhnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 338/97

De mhaolú ar Airteagal 8(3) de Rialachán (CE) Uimh. 865/2006, 3 mhí a bheidh sa teorainn ama maidir le cinneadh eisiúint na ndeimhnithe a mhéid a bhaineann le hiarratais faoi Airteagal 8(3) de Rialachán (CE) Uimh. 338/97 i dtaca le heiseamail eabhair eilifinte a chuirtear isteach idir an 19 Eanáir 2022 agus an 19 Eanáir 2023.

Airteagal 4

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 16 Nollaig 2021.

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN 1

‘IARSCRÍBHINN

Nótaí ar léiriú Iarscríbhinní A, B, C agus D

1. Déanfar tagairt do speicis atá ar áireamh in Iarscríbhinní A, B, C agus D:
 - (a) faoi ainm an speicis; nó
 - (b) mar na speicis go léir atá ar áireamh i dtacsón níos airde nó i gcuid ainmnithe den chéanna.
2. Úsáidtear an giorrú ‘spp.’ chun na speicis go léir is airde tacsón a chur in iúl.
3. Ní dhéanfar tagairtí eile do thacsóin atá níos airde ná speiceas ach amháin ar mhaithe le faisnéis a thabhairt nó le haicmiú a dhéanamh.
4. Na speicis a bhfuil cló trom orthu in Iarscríbhinn A, tá siad liostaithe ann i gcomhréir leis an gcaomhnú dá bhforáiltear i dTreoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾ nó i dTreoir 92/43/CEE ón gComhairle ⁽²⁾.
5. Úsáidtear na giorruithe seo a leanas le haghaidh tacsóin planda atá níos ísle ná leibhéal speicis:
 - (a) úsáidtear ‘ssp.’ chun fospeiceas a chur in iúl;
 - (b) úsáidtear ‘var(s).’ chun cineál (cineálacha) a chur in iúl; agus
 - (c) úsáidtear ‘fa.’ chun forma a chur in iúl.
6. Maidir leis na siombail ‘(I)’, ‘(II)’ agus ‘(III)’ in aice ainm speicis nó tacsóin níos airde, tagraíonn siad do na hAguisíní a ghabhann leis an gCoinbhinsiún ina bhfuil na speicis lena mbaineann liostaithe mar atá léirithe i nótaí 7, 8 agus 9. I gcás nach bhfuil aon cheann de na nótaí mínithe seo ann, níl na speicis lena mbaineann liostaithe sna hAguisíní a ghabhann leis an gCoinbhinsiún.
7. Má bhíonn (I) in aice ainm speicis nó tacsóin níos airde, sin le cur in iúl go n-áirítear an speiceas nó tacsón níos airde lena mbaineann in Aguisín I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún.
8. Má bhíonn (II) in aice ainm speicis nó na tacsóin níos airde, sin le cur in iúl go n-áirítear an speiceas nó tacsón níos airde lena mbaineann in Aguisín II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún.
9. Má bhíonn (III) in aice ainm speicis nó tacsóin níos airde, sin le cur in iúl go n-áirítear é in Aguisín III a ghabhann leis an gCoinbhinsiún. Sa chás sin, cuirtear in iúl freisin an tír a n-áirítear an speiceas nó tacsón níos airde in Aguisín III ina leith.
10. De réir shainmhíniú eagrán a 8 den *International Code of Nomenclature for Cultivated Plants* (Cód Idirnáisiúnta um Ainmníocht Plandaí Saothraithe), ciallaíonn ‘saothróg’ bailiúchán plandaí (a) a roghnaíodh mar gheall ar thréith áirithe nó mar gheall ar thréithe áirithe agus (b) gur tréithe leithleacha, aonfhoirmeacha agus cobhsaí atá ag roinnt leo, agus (c) a choimeádann na tréithe sin nuair a iomadaítear ar bhealach cuí iad. Ní mheasfar gur tacsón nua atá ann go dtí go bhfoilsófar ainm an chatagóire agus an t-imscríobh go foirmiúil san eagrán is déanaí den Chód Idirnáisiúnta um Ainmníocht Plandaí Saothraithe.
11. Féadfár hibridí a áireamh go sonrach sna hAguisíní ar choinníoll gur líonta cobhsaí ar leith san fhiántas iad. Ainmhithe hibrideacha, le ceithre ghlúine den ghinealach roimhe sin, ag a bhfuil eiseamal amháin nó níos mó de speicis atá ar áireamh in Iarscríbhinní A nó B, beidh siad faoi réir fhorálacha an Rialacháin seo amháil agus dá mba speiceas iomlán iad, fiú mura n-áirítear an hibrid i dtrácht go sonrach sna hIarscríbhinní.
12. I gcás ina n-áirítear speiceas in Iarscríbhinn A, B nó C áirítear an t-ainmhí nó an planda iomlán, cé acu atá beo nó marbh, agus áirítear gach cuid agus gach díorthach de freisin. Maidir le speicis ainmhithe atá liostaithe in Iarscríbhinn C agus speicis plandaí atá liostaithe in Iarscríbhinn B nó C, áirítear gach cuid agus gach díorthach den speiceas san Iarscríbhinn chéanna ach amháin i gcás ina bhfuil an speiceas anótáilte á tabhairt le fios nach n-áirítear ach codanna sonracha agus díorthaigh shonracha. I gcomhréir le hAirteagal 2(t), is éard a léiríonn an tsiombail ‘#’ agus uimhir ina diaidh in aice ainm speicis nó tacsóin níos airde atá ar áireamh in Iarscríbhinn B nó C, codanna nó díorthaigh atá sonraithe maidir leis an gcéanna chun críocha an Rialacháin mar seo a leanas:

⁽¹⁾ Treoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le caomhnú na n-éan fiáin (IO L 20, 26.1.2010, lch. 7).

⁽²⁾ Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le gnáthóga nádúrtha agus fauna agus flora fiáine a chaomhnú (IO L 206, 22.7.1992, lch. 7).

- #1 Léiríonn #1 na codanna agus díorthaigh go léir, seachas:
- (a) síolta, spóir agus pailín (lena n-áirítear pailín);
 - (b) saothráin siolóige nó fíocháin a fhaightear *in vitro*, i meáin sholadacha nó leachtacha, agus iad á n-iompar in umair steiriúla;
 - (c) bláthanna gearrtha de phlandaí a iomadaíodh go saorga; agus
 - (d) torthaí agus codanna agus díorthaigh díobh sin de phlandaí a iomadaíodh go saorga den ghéineas *Vanilla*.
- #2 Léiríonn #2 na codanna agus díorthaigh go léir, seachas:
- (a) síolta agus pailín; agus
 - (b) táirgí críochnaithe atá pacáistithe agus ullamh do thrádáil mhiondíola.
- #3 Léiríonn #3 fréamhacha iomlána agus slisnithe agus codanna de fhréamhacha, seachas codanna nó díorthaigh a monaraíodh, mar shampla, púdair, piollairí, úscraí, athbhrígh, taenna agus milseogra, cuir i gcás.
- #4 Léiríonn #4 na codanna agus díorthaigh go léir, seachas:
- (a) síolta (lena n-áirítear faighneoga Orchidaceae), spóir agus pailín (lena n-áirítear pailín). Ní bhaineann an díolúine le síolta ó Cactaceae spp. a onnmharaítear ó Mheicsiceo, nó le síolta ó *Beccariophoenix madagascariensis* ná *Dypsis decaryi* a onnmhairítear ó Mhadagascar;
 - (b) saothráin siolóige nó fíocháin a fhaightear *in vitro*, i meáin sholadacha nó leachtacha, agus iad á n-iompar in umair steiriúla;
 - (c) bláthanna gearrtha de phlandaí a iomadaíodh go saorga;
 - (d) torthaí agus codanna agus díorthaigh díobh sin de phlandaí nádúraithe nó plandaí a iomadaíodh go saorga den ghéineas *Vanilla* (Orchidaceae) agus den fhine Cactaceae;
 - (e) gais, bláthanna, agus codanna agus díorthaigh díobh sin de phlandaí nádúraithe nó plandaí a iomadaíodh go saorga de na géinis *Opuntia* foghéineas *Opuntia* agus *Selenicereus* (Cactaceae); agus
 - (f) táirgí críochnaithe *Aloe ferox* agus *Euphorbia antisiphilitica* atá pacáistithe agus ullamh do thrádáil mhiondíola.
- #5 Léiríonn #5 lomáin, adhmaid sáfa agus leatháin veiníre.
- #6 Léiríonn #6 lomáin, adhmaid sáfa, leatháin veiníre agus sraithadhmaid.
- #7 Léiríonn #7 lomáin, sliseanna adhmaid, púdair agus eastóscáin.
- #8 Léiríonn #8 codanna faoi thalamh (i.e. fréamhacha, riosóim): iomlána, codanna agus púdraithe.
- #9 Léiríonn #9 gach cuid agus gach díorthach ach amháin na cinn ar a bhfuil lipéad 'Arna dtáirgeadh ó ábhar *Hoodia* spp., cinn a fuarthas trí rialú fómhair agus trí rialú táirgthe faoi théarmaí comhaontaithe le hÚdarás Bainistíochta CITES na [Botsuáine faoi chomhaontú Uimh. BW/xxxxxx] [na Namaibe faoi chomhaontú Uimh. NA/xxxxxx] [na hAfraice Theas faoi chomhaontú Uimh. ZA/xxxxxx]'.
- #10 Léiríonn #10 lomáin, adhmaid sáfa, leatháin veiníre, lena n-áirítear earraí neamhchríochnaithe adhmaid a úsáidtear chun boghanna le haghaidh téaduirilís ceoil a dhéanamh.
- #11 Léiríonn #11 lomáin, adhmaid sáfa, leatháin veiníre, sraithadhmaid, púdair agus eastóscáin. Táirgí críochnaithe a bhfuil eastóscáin den sórt sin iontu mar chomhábhair, ina measc sin cumhráin, is táirgí iad nach bhfuil cumhdaithe ag an nóta mínithe seo.
- #12 Léiríonn #12 lomáin, adhmaid sáfa, leatháin veiníre, sraithadhmaid agus eastóscáin. Táirgí críochnaithe a bhfuil eastóscáin den sórt sin iontu mar chomhábhair, lena n-áirítear cumhráin, is táirgí iad nach bhfuil cumhdaithe ag an nóta mínithe seo.
- #13 Léiríonn #13 an eithne (dá ngairtear freisin an 'inspeirm', an 'laíon' nó an 'copra') agus aon díorthach den chéanna, seachas táirgí críochnaithe atá pacáistithe agus ullamh do thrádáil mhiondíola.
- #14 Léiríonn #14 na codanna agus díorthaigh go léir, seachas:
- (a) síolta agus pailín;
 - (b) saothráin siolóige nó fíocháin a fhaightear *in vitro*, i meáin sholadacha nó leachtacha, agus iad á n-iompar in umair steiriúla;

- (c) torthaí;
- (d) duillí;
- (e) púdar an chrainn iolair agus é ídithe, rud lena n-áirítear púdar comhdhlúite faoi gach cló dá bhfuil ann; agus
- (f) táirgí críochnaithe atá pacáistithe agus ullamh do thrádáil mhiondíola, ach ní bhaineann an díolúine sin le sliseanna adhmaid, coirníní, clocha paidrín ná snoiteáin.

#15 Léiríonn #15 na codanna agus díorthaigh go léir, seachas:

- a) duillí, bláthanna, pailín, torthaí agus síolta;
- b) táirgí críochnaithe ag a bhfuil uasmheáchan adhmaid suas le 10 kg in aghaidh an lastais ag gabháil leis na speicis atá liostaithe;
- c) uirlisí ceoil críochnaithe, codanna na n-uirlisí ceoil críochnaithe agus gabhálais na n-uirlisí ceoil críochnaithe;
- d) codanna agus díorthuithe de *Dalbergia cochinchinensis* atá cumhdaithe ag Nóta Mínithe #4;
- e) codanna agus díorthuithe de *Dalbergia* spp. de thionscnamh Mheicsiceo agus arb as Meicsiceo a dhéantar iad a onnmhairiú, atá cumhdaithe ag Nóta Mínithe #6.

#16 Léiríonn #16 síolta, torthaí agus olaí.

#17 Léiríonn #17 lomáin, adhmaid sáfa, leatháin veiníre, sraithadhmaid agus adhmaid claochlaithe.

#18 Seachas codanna nó díorthaigh, ach amháin uibheacha.

13. Is mar seo a leanas a dhéantar na téarmaí agus na nathanna thíos a shainmhíniú, téarmaí agus nathanna a úsáidtear sna nótaí mínithe sna hlarscríbhinní:

Eastóscán

Aon substaint a fhaightear go díreach ó ábhair na bplandaí de mhodh fisiceach nó ceimiceach gan beann ar an bpróiseas monaraithe. Tharlódh don eastóscán a bheith soladach (e.g. criostail, sú, roisín, cáithníní míne nó cáithníní garbha), nó leathsholadach (e.g. guma, céir), nó tharlódh dó a bheith ina leacht (e.g. tuaslagáin, dathú, ola, agus blátholaí).

Uirlisí ceoil críochnaithe

Uirlisí ceoil (mar a thagraítear i gCaibidil 92 den Chóras Comhchuibhithe de chuid na hEagraíochta Domhanda Custaim; uirlisí ceoil, codanna agus gabhálais na n-airteagal sin) atá réidh lena seinm nó nach bhfuil ach cóimeáil na gcodanna le déanamh chun go mbeidh sí inseinn. Áirítear leis an téarma sin uirlisí seanda (mar a shainmhínítear le cóid 97.05 agus 97.06 den Chóras Comhchuibhithe; Saothair ealaíne, earraí bailitheoirí agus seandachtaí).

Gabhálais na n-uirlisí ceoil críochnaithe

Gabhálais uirlisí ceoil (mar a thagraítear i gCaibidil 92 den Chóras Comhchuibhithe de chuid na hEagraíochta Domhanda Custaim; uirlisí ceoil, codanna agus gabhálais na n-airteagal sin) atá neamhspleách ón uirlisí ceoil, agus atá saindeartha nó sainmhúnaithe lena húsáid go sainráite le huirilis, agus nach bhfuil tuilleadh modhnuithe ag teastáil lena húsáid.

Codanna na n-uirlisí ceoil críochnaithe

Cuid (mar a thagraítear i gCaibidil 92 den Chóras Comhchuibhithe de chuid na hEagraíochta Domhanda Custaim; uirlisí ceoil, codanna agus gabhálais na n-airteagal sin) d'uirlisí ceoil atá réidh lena suiteáil agus atá saindeartha nó saindealbhaithithe lena húsáid go sainráite leis an uirlis chun go mbeidh sí inseinn.

Táirgí críochnaithe atá pacáistithe agus ullamh do thrádáil mhiondíola

Táirgí nach bhfuil breis pacáistithe ná próiseálaithe ná lipéadaithe ag teastáil ina leith i gcomhair na húsáide deiridh ná i gcomhair a miondíola, agus iad ullmhaithe go sásúil chun a ndíolta nó chun a n-úsáidte i measc an phobail, más ina gceann agus ina gceann a sheoltar iad, nó i mbulc.

Púdar

Substaint atá tirim soladach, agus í ina cáithníní, mín nó garbh

Lastas

Lastaí arna n-iompar faoi théarmaí bille luchta aonair nó bille iompair aeir, gan beann ar chainníocht ná ar líon na gcoimeádán ná na bpacáistí; nó na bpíosáí a chaitear, a iompraítear nó a áirítear sa bhagáiste pearsanta.

10 kg in aghaidh an lastais

Maidir leis an téarma '10 kg in aghaidh an lastais', ba cheart an teorainn 10 kg a léirmhíniú mar thagairt do mheáchan chodanna aonair gach ítim sa lastas atá déanta as adhmaid na speiceas lena mbaineann. Is é sin le rá, go bhfuil an teorainn 10 kg le meas de réir mheáchan na gcodanna adhmaid aonair den speiceas *Dalbergia/Guibourtia*, speiceas atá i ngach ítim sa lastas, in ionad é a mheas de réir mheáchan iomláin an lastais.

Adhmaid claochlaithe

Arna shainiú ag cód 44.09 den Chóras Comhchuibhithe. Adhmaid (lena n-áirítear stiallóa, agus fríosanna d'urlár iontlaise, nach bhfuil cóimeáilte) atá dealbhaithe go leanúnach (teangaithe, eitrithe, V-siúntáilte, feirbthe nó a leithéid) feadh aon cheann dá imill, dá chinn nó dá éadain, bíodh sé plánáilte, greanáilte, nó ceannsiúntáilte nó ná bíodh.

Slisíní adhmaid

Smionagar adhmaid.

14. Maidir leis na speicis agus tacsóin FLORA níos airde atá ar áireamh in Iarscríbhinn A, toisc nach bhfuil aon cheann acu anótáilte chun tabhairt le fios go ndéileálfar lena chuid hibridí i gcomhréir le hAirteagal 4(1), ciallaíonn sé go bhféadfar hibridí a iomadaíodh go saorga agus a táirgeadh ó cheann amháin nó níos mó de na speicis nó tacsóin seo a thrádáil le deimhniú iomadaithe shaorga, agus nach bhfuil síolta agus pailín (lena n-áirítear pailínia), bláthanna gearrtha, saothráin síolóige nó fíocháin a fhaightear *in vitro*, i meáin sholadacha nó leachtacha, a bhíonn á n-iompar in umair steiriúla de na hibridí seo faoi réir an Rialacháin seo.
 15. An fual, an fearadh nó an ambargraís ar fuíolltáirgí iad, fuíolltáirgí a fhaightear gan an t-ainmhí lena mbaineann a láimhseáil, is nithe iad nach bhfuil faoi réir an Rialacháin seo.
 16. Maidir le speicis fauna atá liostaithe in Iarscríbhinn D, ní bhainfidh an Rialachán seo ach amháin le heiseamail bheo agus le heiseamail mharbha atá iomlán, nó geall le bheith iomlán, seachas tacsóin atá anótáilte mar seo a leanas chun a thaispeáint go gcumhdaítear codanna agus díorthaigh eile freisin:

§1 Craicne ar bith atá iomlán, nó beagnach iomlán, amh nó leasaithe.
 17. Maidir le speicis flora atá liostaithe in Iarscríbhinn D, ní bhainfidh an Rialachán seo ach le heiseamail bheo seachas tacsóin atá anótáilte mar seo a leanas chun a thaispeáint go gcumhdaítear codanna agus díorthaigh eile freisin:

§2 Plandaí triomaithe agus úra, lena n-áirítear, más iomchuí: duillí, fréamhacha/fréamhstoc, gais, síolta/spóir, coirt agus torthaí.

§4 Léiríonn §4 na codanna agus díorthaigh go léir, seachas:

 - (a) síolta agus pailín;
 - (b) táirgí críochnaithe atá pacáistithe agus ullamh do thrádáil mhiondíola.

§5 Léiríonn §5 lomáin, adhmaid sáfa, leatháin veiníre, sraithadhmaid agus adhmaid claochlaithe. (*)
- (*) Arna sainiú ag cód 44.09 den Chóras Comhchuibhithe: Adhmaid (lena n-áirítear stiallóa, agus fríosanna d'urlár iontlaise, nach bhfuil cóimeáilte) atá dealbhaithe go leanúnach (teangaithe, eitrithe, V-siúntáilte, feirbthe nó a leithéid) feadh aon cheann dá imill, dá chinn nó dá éadain, bíodh sé plánáilte, greanáilte, nó ceannsiúntáilte nó ná bíodh.

	Iarscríbhinn A	Iarscríbhinn B	Iarscríbhinn C	Ainm Coiteann
FAUNA				
CHORDATA (CORDAIGH)				
MAMMALIA				Mamaigh
ARTIODACTYLA				
Antilocapridae	<i>Antilocapra americana</i> (I) (Líon Mheicsiceo amháin; níl líon ar bith eile ar áireamh sna hlarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo)			Biorbheannach Biorbheannach Meicsiceach
Bovidae	<i>Addax nasomaculatus</i> (I) <i>Bos gaurus</i> (I) (Tá an pór ceansaithe arb é <i>Bos frontalis</i> is tagairt dó ar eisiámh, pór nach bhfuil faoi réir an Rialacháin seo) <i>Bos mutus</i> (I) (Tá an pór ceansaithe arb é <i>Bos grunniens</i> is tagairt dó ar eisiámh, pór nach bhfuil faoi réir an Rialacháin seo) <i>Bos sauveli</i> (I)	<i>Ammotragus lervia</i> (II)	<i>Antilope cervicapra</i> (III Neipeal/An Phacastáin) <i>Boselaphus tragocamelus</i> (III an Phacastáin) <i>Bubalus arnee</i> (III Neipeal) (Tá an pór ceansaithe arb é <i>Bubalus bubalis</i> is tagairt dó ar eisiámh, pór nach bhfuil faoi réir an Rialacháin seo)	Antalóip, eallach, díceir, gasailí, gabhair, caoraigh etc. Adacs Caoirigh Bharbaracha Dúbhoc Gár Geac fiáin Cúpraí Nilgai Buabhall fiáin Áiseach

<i>Bubalus depressicornis</i> (I)			Anua
<i>Bubalus mindorensis</i> (I)			Tamará
<i>Bubalus quarlesi</i> (I)			Anua sléibhe
	<i>Budorcas taxicolor</i> (II)		Taicín
<i>Capra falconeri</i> (I)			Marcár
	<i>Capra caucasica</i> (II)		Tur Iar-chugasach
		<i>Capra hircus aegagrus</i> (III an Phacastáin) (Maidir le heiseamail den phór ceansaithe, níl siad sin faoi réir an Rialacháin seo)	Gabhar fiáin
		<i>Capra sibirica</i> (III an Phacastáin)	Gabhar Ibeach na Sibéire
<i>Capricornis milneedwardsii</i> (I)			Seireo Síneach
<i>Capricornis rubidus</i> (I)			Seireo dearg
<i>Capricornis sumatraensis</i> (I)			Seireo Sumatra
<i>Capricornis thar</i> (I)			Seireo Himiléach
	<i>Cephalophus brookei</i> (II)		Dícear Brooke
	<i>Cephalophus dorsalis</i> (II)		Dícear cuain
<i>Cephalophus jentinki</i> (I)			Dícear Jentink
	<i>Cephalophus ogilbyi</i> (II)		Dícear Ogilby
	<i>Cephalophus silvicultor</i> (II)		Dícear droimbhúí
	<i>Cephalophus zebra</i> (II)		Dícear séabrach
	<i>Damaliscus pygargus pygargus</i> (II)		Bantaboc
		<i>Gazella bennettii</i> (III an Phacastáin)	Chinkara
<i>Gazella cuvieri</i> (I)			Gasail Cuvier

	<i>Gazella leptoceros</i> (I) <i>Hippotragus niger variani</i> (I) <i>Naemohedus baileyi</i> (I) <i>Naemohedus caudatus</i> (I) <i>Naemohedus goral</i> (I) <i>Naemohedus griseus</i> (I) <i>Nanger dama</i> (I) <i>Oryx dammah</i> (I) <i>Oryx leucoryx</i> (I) <i>Ovis gmelini</i> (I) (líon na Cipire) <i>Ovis hodgsoni</i> (I) <i>Ovis nigrimontana</i> (I)	<i>Kobus leche</i> (II) <i>Ovis ammon</i> (II) <i>Ovis arabica</i> (II) <i>Ovis bochariensis</i> (II) <i>Ovis canadensis</i> (II) (Líon Mheicsiceo amháin; níl líon ar bith eile ar áireamh sna hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo) <i>Ovis collium</i> (II) <i>Ovis cycloceros</i> (II) <i>Ovis darwini</i> (II) <i>Ovis jubata</i> (II) <i>Ovis karelini</i> (II) <i>Ovis polii</i> (II) <i>Ovis punjabiensis</i> (II) <i>Ovis severtzovi</i> (II)	<i>Gazella dorcas</i> (III an Ailgéir / an Túinéis)	Gasail dorcais Gasail ghainimh Ollantalóp cíordhubh Laící Garal rua Garal earrfhada Garal Himiléach Garal Síneach Gasail dama Oracs adharca simeatáir Oracs Arabach Árgailí Altai Caora fhiáin Arabach Úirial Bukhara Caoirigh mhóradharcacha Mheicsiceacha Árgailí na Casacstáine Úirial na hAfganastáine Árgailí Gobi Caora Anatólach Árgailí Tibéadach Árgailí Shansi Árgailí Tianshan Árgailí Karatau Árgailí Marco Polo Úirial Punjab Árgailí Severtzov
--	--	---	---	---

	<i>Ovis vignei</i> (I) <i>Pantholops hodgsonii</i> (I) <i>Pseudoryx nghetinhensis</i> (I) <i>Rupicapra pyrenaica ornata</i> (II)	<i>Philantomba monticola</i> (II) <i>Saiga borealis</i> (II) (Cuóta nialais atá ann le haghaidh onnmhairiú i gcás na eiseamal fiáin a ndéantar trádáil orthu chun críocha tráchtála) <i>Saiga tatarica</i> (II) (Cuóta nialais atá ann le haghaidh onnmhairiú i gcás eiseamal fiáin a ndéantar trádáil orthu chun críocha tráchtála)	<i>Pseudois nayaur</i> (III an Phacastáin) <i>Tetracerus quadricornis</i> (III Neipeal)	Úirial Ladakh Siorú Dícear gorm Bharal Saola Seamaí Abruzzo Saiga Mongólach Antalóp saigeach Antalóp ceithre-adharcach
Camelidae	<i>Vicugna vicugna</i> (I) (Seachas na líonta seo: an Airgintín [líonta Chúigí Jujuy, Catamarca agus Salta, agus líonta leathcheansaithe Chúigí Jujuy, Salta, Catamarca, La Rioja agus San Juan]; an Bholaiv [an líon go léir]; an tSile [líonta Réigiún Tarapacá agus Réigiún Arica agus Parinacota]; Eacuadór [an líon go léir], agus Peiriú [an líon go léir]; atá ar áireamh in Iarscríbhinn B)	<i>Lama guanicoe</i> (II) <i>Vicugna vicugna</i> (II) (Na líonta seo a leanas amháin: an Airgintín [líonta Chúigí Jujuy, Catamarca agus Salta, agus líonta leathcheansaithe Chúigí Jujuy, Salta, Catamarca, La Rioja agus San Juan]; an Bholaiv [an líon go léir]; an tSile [líonta Réigiún Tarapacá agus Réigiún Arica agus Parinacota]; Eacuadór [an líon go léir], agus Peiriú [an líon go léir]; tá gach líon eile ar áireamh in Iarscríbhinn A) (¹)		Camaill, guanacó, viciúiní Guanacó Viciúiní

Cervidae				Fianna, húmail, muinseaic, púdúnna
	<i>Axis calamianensis</i> (I)			Fia Oileáin Calamia
	<i>Axis kuhlii</i> (I)			Fia borra Kuhl
			<i>Axis porcinus</i> (III an Phacastáin (Seachas na fospeicis atá ar áireamh in Iarscríbhinn A))	Fia borra
	<i>Axis porcinus annamiticus</i> (I)			Fia borra Inde-Síneach
	<i>Blastocerus dichotomus</i> (I)			Fia réisc
		<i>Cervus elaphus bactrianus</i> (II)		Fia baictriach
			<i>Cervus elaphus barbarus</i> (III an Ailgéir / an Túinéis)	Fia Barbarach
	<i>Cervus elaphus hanglu</i> (I)			Fia Caismíreach
	<i>Dama dama mesopotamica</i> (I)			Fia buí Peirseach
	<i>Hippocamelus</i> spp. (I)			Húmail
			<i>Mazama temama cerasina</i> (III Guatamala)	Broicéad rua Mheiriceá Láir
	<i>Muntiacus crinifrons</i> (I)			Muinseac dubh
	<i>Muntiacus vuquangensis</i> (I)			Ollmhuinseac
			<i>Odocoileus virginianus mayensis</i> (III Guatamala)	Fia earrbhán Guatamalach
	<i>Ozotoceros bezoarticus</i> (I)			Fia pampas
		<i>Pudu mephistophiles</i> (II)		Púdú tuisceartach
	<i>Pudu puda</i> (I)			Púdú deisceartach
	<i>Rucervus duvaucelii</i> (I)			Fia eanaigh
	<i>Rucervus eldii</i> (I)			Taimin

Giraffidae		<i>Giraffa camelopardalis</i> (II)		Sioráif Sioráf
Hippopotamidae		<i>Hexaprotodon liberiensis</i> (II) <i>Hippopotamus amphibius</i> (II)		Dobhareacha Miondobhareach Dobhareach coiteann
Moschidae	<i>Moschus</i> spp. (I) (Líonta na hAfganastáine, na Bútáine, na hIndia, Mhaenmar, Neipeal agus na Pacastáine amháin; tá gach líon eile ar áireamh in Iarscríbhinn B)	<i>Moschus</i> spp. (II) (Seachas líonta na hAfganastáine, na Bútáine, na hIndia, Mhaenmar, Neipeal agus na Pacastáine, atá ar áireamh in Iarscríbhinn A)		Muscfhia Muscfhia
Suidae	<i>Babyrousa babyrussa</i> (I) <i>Babyrousa bolabatuensis</i> (I) <i>Babyrousa celebensis</i> (I) <i>Babyrousa togeanensis</i> (I) <i>Sus salvanius</i> (I)			Babarúsa, borraí, muca Babarúsa Buru Babarúsa Bola Batu Babarúsa na Sulaivéise Thuaidh Babarúsa Malenge Mionbhorra
Tayassuidae		Tayassuidae spp. (II) (Seachas na speicis atá ar áireamh in Iarscríbhinn A agus líonta <i>Pecari tajacu</i> Mheicsiceo agus na Stát Aontaithe, nach bhfuil ar áireamh sna hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo)		Picirí Picirí Picire Chaco
CARNIVORA Ailuridae				
	<i>Ailurus fulgens</i> (I)			Panda rua

